Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

# Plean Corparáideach - go dtí 2014









Daonlathas Áitiúil Rannphháirtíocht Freagrúil Bonneagar
Nuálaíocht Cruthaitheacht Rialtas Áitiúil Athnuachan
Eacnamaíochta Custaiméar-Dhírithe Fuinniúil Forásach
Diaspóra Cuimsitheach Pobail Éagsúlacht Cultúr Seirbhísí

# Réamhrá

Leagann an Plean Corparáideach seo amach treoir straitéiseach do Chomhairle Contae Dhún na nGall sna blianta beaga amach romhainn. Agus an plean seo á fhorbairt againn, tá tuairimí agus dearcthaí cuid mhór páirtithe leasmhara curtha san áireamh againn, ina measc ár mbaill foirne féin, comhaltaí tofa, eagraíochtaí comhpháirtíochta, ár gcustaiméirí agus an pobal i gcoitinne.

Le linn thréimhse an phlean seo, déanfaidh muid cinnte de go mbeidh ár gcroíluachanna mar dhúshraith ag an obair ar fad a dhéanfaidh muid, mar atá, an dóigh a seachadtar seirbhísí agus tacaíochtaí ar fud an chontae, ár struchtúir ionadaíochta agus ár n-iarrachtaí leanúnacha chun borradh eacnamaíochta a chur faoin gheilleagar áitiúil.

Mar gheall ar an tsíorathrú atá ar siúl sa timpeallacht ina bhfuil muid ag feidhmiú, caithfidh muid leanúint de bheith sofhreagrach agus solúbtha sa dóigh a dtugaimid faoinár gcuid oibre. Ní mór ardmholadh a thabhairt do thiomantas agus do dhúthracht ár mball foirne le roinnt blianta anuas. Tá sé seo ina bhunús maith againn chun leanúint de bheith ag cothú cur chuige nuálach agus cruthaitheach lena chinntiú go bhfuil ár gcuid seirbhísí agus ár gcuid tacaíochtaí ag freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí.

Is cuid lárnach dár modh oibre é a bheith ag obair i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara éagsúla, agus neartóidh an plean seo an cur chuige sin ar bhonn leanúnach. Leanfar de bheith ag neartú ár nascanna le príomh-pháirtithe leasmhara ag an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasteorann, agus beidh ár gcuid nascanna domhanda, go háirithe trí dhiaspóra Dhún na nGall, ina ngné thábhachtach dár gcur chuige corparáideach, go háirithe i dtaca le cur chun cinn na hathnuachana eacnamaíochta sa gheilleagar áitiúil.

Is iad na comhaltaí tofa ar Chomhairle Contae Dhún na nGall, i gcomhar le bainistíocht agus le baill foirne na Comhairle, a chuirfidh cuspóirí an phlean seo i gcrích. Tá rún daingean againn gach acmhainn dár gcuid a úsáid chun cumas agus acmhainneacht Dhún na nGall a neartú agus a fhorbairt.

**Méara Dhún na nGall**
An Clr. Proinsias Óg Mac Briartaigh

**Bainisteoir Contae**
Séamus Mac Conghaola

# Clár

Ról agus struchtúr Chomhairle Contae Dhún na nGall ..... 1

Struchtúr Eagraíochtúil ..... 2

Struchtúr Bainistíochta agus Róil ..... 3

Ár dtimpeallacht oibriúcháin ..... 4

Ár bhfís agus ráiteas misin ..... 6

Ár gcroíluachanna ..... 6

Ár gcuspóirí straitéiseacha agus straitéisí tacaíochta ..... 7

Feidhmíocht a chur i ngníomh agus a mhonatóiriú ..... 9

Aguisíní ..... 10

# Ról agus Struchtúr Chomhairle Contae Dhún na nGall

Is í Comhairle Contae Dhún na nGall an t-údarás áitiúil do Chontae Dhún na nGall, seachas na ceantracha sin a thagann faoi chúram Chomhairlí Baile Bhéal Átha Seanaidh, Bhun Cranncha, Bhun Dobhráin agus Leitir Ceanainn. Tá 29 gcomhalta tofa ar an Chomhairle, mar atá liostaithe thíos.

| Toghcheantar Dhún na nGall |
|---|
| Seán Ó Baoill (FG) |
| Seán Mac Cathmhaoil (Neamhspleách) |
| Bréanainn Ó Beirne (FF) |
| Barra Ó Néill (FG) |
| Seán Mac Connuibh |


| Toghcheantar na nGleanntach |
|---|
| Toirealach Ó Sluaigh (Neamhspleách) |
| Daithí Alcorn (FF) |
| Máire Treasa Ní Ghallchóir (SF) |
| Pádraig Ó Dochartaigh (Neamhspleách) |
| Séamus Ó Domhnaill (FF) |

| Toghcheantar Inis Eoghain |
|---|
| Máirtín Ó Fearáin (LO) |
| Seán Ó Riain (FG) |
| Ríonach Mhic Dhonnachaidh (FF) |
| Jeaic Ó Muirí (SF) |
| Bearnard Mag Aonghusa (FG) |
| Micí Ó Dochartaigh (FG) |
| Pól Ó Cainin (FF) |

| Toghcheantar Leitir Ceanainn /Bhaile na nGallóglach |
|---|
| Mícheál Mac Giolla Bhríde (Neamhspleách) |
| Ciarán Ó Brógáin (FF) |
| Mick Ó Coinn (SF) |
| Deasún Ó Lorcáin (FF) |
| Liam Ó Bléine (FF) |
| Ian Mac Gairbheith (Neamhspleách) |
| Nollaig Mac Giolla Bhríde (FG) |

| Toghcheantar Shrath an Urláir |
|---|
| Cora Uí Airmhí (SF) |
| Pádraig Mac Gabhann (FF) |
| Proinsias Mac Briartaigh (LO) |
| Máirtín Ó hEaraile (FG) |
| Gearóid Mac Crábhagáin (FF) |

# Struchtúr Eagraíochtúil



# Struchtúr Bainistíochta agus Róil

Tá cúig Stiúrthóireacht i gComhairle Contae Dhún na nGall agus cuireann gach Stiúrthóireacht réimse seirbhísí ar fáil, mar atá leagtha amach thíos:

**Bainisteoir Contae**

| Stiúrthóir Seirbhísí Pobail, Cultúir & Pleanála | Stiúrthóir Seirbhísí Tithíochta & Corparáideacha | Stiúrthóir Airgeadais & Seirbhísí Éigeandála | Stiúrthóir Uisce & Seirbhísí Timpeallachta | Stiúrthóir Bóithre, Iompair & Seirbhísí Caipitil Tithíochta |
|---|---|---|---|---|
| Forbairt Phobail, Pleanáil, Forfheidhmiúchán, ar a n-áirítear: Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe, Rialú Tógála, Caomhnú, Oidhreacht, Cartlann, Leabharlanna, Iarsmalann, Ealaín Phoiblí, Seirbhís Ealaíne, Ionad Cultúrtha Réigiúnach, Bord Forbartha Contae, Forbairt Eacnamaíochta, Cuimsiú Sóisialta, Taighde & Beartas, Forbairt Súgartha, Fóillíochta & Taitneamhachta, Clár SÍOCHÁIN III, Aonad Maoinithe AE, Oifig na Scannán, Forbairt Turasóireachta, Athnuachan Bailte & Sráidbhailte | Acmhainní Daonna, Oiliúint, Seirbhísí do Chomhaltaí Tofa, Clár na dToghthóirí, Deontais Ardoideachais, Forbairt na Gaeilge, Seirbhísí Tithíochta, Cóiríocht don Lucht Siúil, Scéim Cóiríochta Cíosa, Mótarcháin, Saoráil Faisnéise, Córais Faisnéise, Gréasáin agus Bonneagar Teicneolaíochta, Cumarsáid agus Meáin, Pleanáil Chorparáideach | Córas Bainistíochta Airgeadais, Bainistiú Buiséid, Ráitis Bhliantúla Airgeadais, Bainistiú Féichiúnaithe, Párolla, Cuntais Iníoctha, Iniúchadh Inmheánach, Bainistiú Sócmhainní, Seirbhís Dóiteáin, Bainistiú Móréigeandála | Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce, Cosaint na Timpeallachta, Bainistiú Dramhaíola, Rialú ar Thruailliú, Cáilíocht Uisce, Bainistiú Bruscair, Tránna Brataí Goirme agus Bainistiú Tránna, Cosaint Shibhialta, Rialú ar Mhadraí, Sábháilteacht Bhia agus Seirbhísí Tréidliachta | Tógáil & Cothabháil Bóithre, Bainistiú Tráchta, Sábháilteacht ar Bhóithre, Soilsiú Poiblí, An Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta, An Oifig um Dhearadh Bóithre Neamhnáisiúnta, Bealaí Rothar, Reiligí agus Uaigheanna, Bainistiú Sócmhainní, Bainistiú Áiseanna, Céanna & Cuanta, Tógáil Foirgneamh/ Tithíochta |

# Ár dtimpeallacht oibriúcháin

Le roinnt blianta anuas tá athrú as cuimse déanta ar rialtas áitiúil in Éirinn, agus ar Chomhairle Contae Dhún na nGall ach go háirithe. Is é atá ag tiomáint cuid mhór de na hathruithe seo ná na dúshláin eacnamaíochta ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, an laghdú ar chaiteachas an Rialtais, agus an laghdú ar chaiteachas tomhaltóirí agus ar mhuinín tomhaltóirí.  Is dócha go leanfar leis na hathruithe seo fad agus a bheas an plean seo á chur i bhfeidhm, agus ina dhiaidh sin.

### Ag Múnlú Rialtas Áitiúil

Seoladh ‘Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine: Clár Gníomhaíochta le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach’ ar na mallaibh agus beidh tionchar mór ag na moltaí a leagadh amach ann ar mhúnlú an rialtais áitiúil in Éirinn san am atá romhainn, ar an dóigh a gcuirtear seirbhísí ar fáil go háitiúil, ar na struchtúir ionadaíochta ag an leibhéal áitiúil, agus ar chumas an rialtais áitiúil a bheith i gceannas ar athnuachan eacnamaíoch agus í a chur chun cinn.

Aithníonn Comhairle Contae Dhún na nGall gur cur chuige úr i dtaca le seachadadh seirbhísí é an cur chuige um sheirbhísí comhroinnte atá leagtha amach sa chlár ‘Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine’, agus tá rún daingean ag an Chomhairle a bheith chun tosaigh i dtaca le seirbhísí áirithe comhroinnte a sholáthar d’earnáil an rialtais áitiúil.

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall lán-tiomanta glacadh go dearfach agus go cuidiúil leis an chlár athraithe le haghaidh Rialtas Áitiúil agus bainisteoidh sí an próiseas seo trí dhul i dteagmháil agus i gcomhairle go héifeachtach leis na páirtithe leasmhara ar fad.

### Ag Freagairt do Dhéimeagrafaic atá ag Athrú

Tá daonra Dhún na nGall ag fás, le méadú de 33,020 le 20 bliain anuas.  Tá beagnach 30,000 duine ann atá 60 bliain d’aois nó níos sine, agus tá an cheathrú chuid den daonra ina bpáistí nó ina ndaoine óga atá 15 bliana d’aois nó níos óige. Bíonn tionchar nach beag ag próifíl athraitheach dhaonra an chontae, agus ag na dúshláin atá roimh dhaoine aonaracha agus roimh theaghlaigh inár bpobail, bíonn tionchar nach beag acu sin ar nádúr agus ar líon na seirbhísí a chuirimid ar fáil, agus ar na deiseanna forbraíochta a dtugaimid fúthu.

### Ag Infheistiú in Infreastruchtúr

Is tosaíocht leanúnach é an gá atá le leanúint de bheith ag infheistiú in infreastruchtúr an chontae, ina measc infheistíocht i líonraí bóthair, i rochtain aeir, in áiseanna uisce agus dramhuisce, i leathanbhanda agus in acmhainní fuinnimh. Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag stocaireacht ar son infheistíochta den chineál seo le go mbeifí in ann borradh a chur faoin gheilleagar áitiúil, tacú le hinbhuanaitheacht ár bpobal áitiúil agus a chinntiú go mbeidh na caighdeáin is airde á gcur i bhfeidhm againn i dtaca le cosaint na timpeallachta.

Is tosaíocht mhór é dul i ngleic leis na ceisteanna a bhaineann le heastáit tithíochta atá gan críochnú, agus tá rún daingean ag an Chomhairle leanúint le cur chuige díograiseach, comhpháirteach agus comhtháite le réiteach a fháil ar na ceisteanna casta éagsúla in achan cheantar.

### Ag Tacú le hAthnuachan Eacnamaíoch Áitiúil

Is dúshlán mór é do gach údarás áitiúil ar fud na tíre seirbhísí a mhaoiniú, agus aithníonn Comhairle Contae Dhún na nGall go hiomlán na brúnna atá ar an lucht gnó ag an am seo.  Tá an Chomhairle tiomanta chun leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirt leis an lucht gnó chun meicníochtaí a chur i bhfeidhm a chuideodh leo muirir agus táillí

# Ár dtimpeallacht oibriúcháin

a íoc, chun dul sa tóir ar dheiseanna maoinithe le tacú leis an gheilleagar áitiúil agus le seachadadh na bpríomhsheirbhísí ag an leibhéal áitiúil.

### Nuálaíocht agus Cruthaitheacht a Chothú

In ainneoin gur laghdaíodh líon na mball foirne go suntasach le roinnt blianta anuas, tá an Chomhairle ag leanúint de bheith ag coinneáil seirbhísí túslíne, croí-fheidhmeanna reachtúla agus croí-fhreagrachtaí reachtúla, chomh maith le bheith ag freagairt go hiomlán d'eachtraí as an ghnáth, ar nós na dtinte aitinn in 2011 agus an droch-aimsir. Lean an Chomhairle de bheith ag cur i bhfeidhm go leor tograí forbartha agus tá maoiniú seachtrach suntasach faighte aici a chuidigh le hinfheistíocht a dhéanamh i roinnt tograí straitéiseacha ar fud an chontae.

Lena chinntiú go leanfar de bheith ag seachadadh seirbhísí d'ardchaighdeán agus cur chuige forbraíochta sa chontae, tá an Chomhairle lántiomanta cur chuige nuálach agus cruthaitheach a chothú i dtaca le hathstruchtúrú a dhéanamh ar an dóigh a dtugaimid faoinár ngnó, d'fhonn leanúint de bheith ag seachadadh seirbhísí d'ardchaighdeán ar dhóigh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí agus lena chinntiú go mbeidh muid in ann an leas is mó agus is féidir a bhaint as aon deis forbraíochta a thiocfaidh chun cinn.

### Comhoibriú agus Obair Chomhpháirtíochta

Tá stair fhada ag an Chomhairle de bheith ag obair i gcomhpháirtíochtaí ag an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasteorann. Agus muid ag aithint an luacha a bhaineann le comhoibriú, a bhaineann le sineirgí suntasacha a chruthú le páirtnéirí tábhachtacha, agus a bhaineann le comhroinnt na foghlamtha, dearcthaí agus smaointe, leanfar leis an chomhoibriú mar ghné thábhachtach den dóigh a ndéanaimid gnó agus den dóigh a n-oibrímid lenár bpáirtithe leasmhara uilig.

Bhí an Bord Forbartha Contae ina mheicníocht thábhachtach chomhordaithe don Chomhairle agus tá muid muiníneach go dtabharfaidh na Coistí úra Sóisialta agus Eacnamaíochta deis dúinn leanúint de bheith ag tógáil ar an chomhoibriú idirghníomhaireachta atá ann cheana féin chun leanúint de bheith ag cur chun cinn forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta sa chontae.

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil cuid mhór nascanna domhanda fadbhunaithe agus go bhfuil caidrimh láidre tógtha le cuid mhór de dhiaspóra Dhún na nGall trí réimse de thograí uathúla agus nuálacha. Tá an Chomhairle lántiomanta do leanúint de bheith ag forbairt agus ag tógáil nascanna úra domhanda mar phríomhthosaíocht sna blianta amach romhainn.

## Ár bhFís

*"Comhairle bhríomhar, fhorásach agus shofhreagrach ag obair le chéile ar son mhuintir Dhún na nGall sa bhaile agus thar lear, le pobail inbhuanaithe, uileghabhálacha agus rathúla a fhorbairt, inar féidir le gach duine saol lánsásúil a bheith acu."*

## Ár Ráiteas Misin

**Forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha Chontae Dhún na nGall a threorú chun freastal a dhéanamh ar riachtanais ár gcónaitheoirí agus ár gcuairteoirí uilig agus ar riachtanais na nglúnta san am atá romhainn.**

## Na Croíluachanna s'againne

Tá ár gcroíluachanna ina ndúshraith ag an obair ar fad a dhéanaimid:

**Prionsabail Dhaonlathacha:**
Aitheantas don mhandáid thoghchánach agus tiomantas don oscailteacht agus don chothromaíocht inár gcuid oibre

**Forbairt phobail agus rannpháirtíocht phobail:**
Tiomanta do bheith ag tacú le forbairt phobail agus le rannpháirtíocht phobail, chomh maith le meas a bheith againn ar thiomantas na bpáirtithe leasmhara uilig a bhíonn ag plé linn ar mhaithe le leas an phobail uilig.

**Cur Chuige Custaiméar-Lárnach:**
Tiomantas don chustaiméar a chur ag croí-lár gach rud a dhéanaimid trí sheirbhís den scoth a sholáthar ó thaobh cáilíochta, sofhreagrachta agus caoithiúlachta de.

**Meas ar ár mbaill foirne agus ar ár gcomhairleoirí:**
Timpeallacht a chruthú inar féidir le baill foirne agus comhairleoirí barr feabhais a bhaint amach i gcultúr na nuálaíochta, na cruthaitheachta agus na síorfhoghlamtha.

**Ionracas agus freagracht:**
Tá na baill, an bhainistíocht agus an fhoireann tiomanta do na caighdeáin is airde iompair eiticiúil agus ionracais.

**Inbhuanaitheacht:**
Rún daingean chun freastal a dhéanamh ar riachtanais an lae inniu ar bhealach nach gcuirfidh isteach ar chumas na nglúnta atá romhainn freastal ar na riachtanais s'acu féin.

**Cuimsiú agus comhionannas:**
Rún daingean le bheith lán-chuimsitheach, le dul i ngleic leis an bhochtaineacht agus le comhionannas a chur chun cinn do gach duine.

**Teanga agus cultúr**
Ár n-oidhreacht agus ár gcultúr dúchasach ar leith a chosaint, a choinneáil agus a chur chun cinn, agus béim ar leith ar an Ghaeltacht agus ar an Ghaeilge, agus san am chéanna ag fáiltiú roimh éagsúlacht na gcultúr uilig agus na dteangacha uilig i nDún na nGall.

**Cur chuige solúbtha agus sofhreagrach**
Gealltanas chun bheith oscailte agus sofhreagrach i dtaca le riachtanais an phobail s'againne, riachtanais atá ag athrú leo.

# Ár gCuspóirí Straitéiseacha

1. Ról ceannasach a ghlacadh i dtaca le **forbairt eacnamaíochta inbhuanaithe** a chur chun cinn i nDún na nGall.
2. Leanúint de bheith ag cothabháil agus ag forbairt **bonneagar** fisiciúil, sóisialta, eacnamaíoch, pobail agus cultúrtha an chontae ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun freastal a dhéanamh ar an éileamh reatha agus le fás a chur chun cinn go fadtéarmach.
3. Le s**eirbhísí agus tacaíochtaí** inrochtana, ardchaighdeáin, éifeachtúla agus dea-luacha a sholáthar dár gcustaiméirí uilig agus dár bpobail uilig.
4. **Ár n-ealaíona, ár dteangacha, ár n-oidhreacht agus ár gcultúr** a chaomhnú, a bhainistiú, a chur chun cinn agus tacú leo.
5. Chun **ár mbaill foirne agus ár gcomhairleoirí** a spreagadh agus tacú lena bhforbairt phearsanta le go gcuirfí ar a gcumas aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach.

# Straitéisí Tacaíochta

**Ról ceannasach a ghlacadh i dtaca le forbairt eacnamaíochta inbhuanaithe a chur chun cinn i nDún na nGall.**

Déanfaidh an Chomhairle:

1. Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2012 - 2018 a chur i bhfeidhm.
2. Obair i gcomhpháirt le heagraíochtaí laistigh de chomhthéacs an Bhord Forbartha Contae (BFC), (nó an Coiste Sóisialta agus Eacnamaíochta atá ar na bacáin), chun Straitéis Dhún na nGall um Fhorbairt Shóisialta, Chultúrtha agus Eacnamaíochta 2012 - 2014 a chur i bhfeidhm.
3. Tacú le gníomhartha i dtreo Thairseach Leitir Ceanainn / Dhoire a fhorbairt i gcomhthéacs Thogra Thairseach an Iarthuaiscirt agus i gcomhthéacs na Straitéise Spáis Náisiúnta.
4. Tacú le Straitéis Dhigiteach Chontae a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
5. Deiseanna gréasánaithe straitéiseacha á éascú, agus tacú leo, ina measc Diaspóra Dhún na nGall, gréasáin trasteorann agus gréasáin AE.
6. Tacú le forbairt leanúnach ár n-acmhainní cultúrtha mar dhóigh le fás eacnamaíochta a spreagadh, agus tacú le Dún na nGall a chur chun cinn go leanúnach mar 'Chontae Cruthaitheach'.
7. Tacú le Branda Dhún na nGall a fhorbairt mar acmhainn luachmhar do na hearnálacha eacnamaíochta, sóisialta, pobail agus cultúrtha i nDún na nGall, agus le réimse gníomhartha lena chinntiú go n-aithnítear cumas bhranda Dhún na nGall agus go mbaintear an oiread leasa agus is féidir as ar mhaithe leis an Chontae.
8. Straitéis ard-éifeachtach chomhordaithe a fhorbairt le háit Dhún na nGall a neartú mar cheann scríbe turasóireachta is rogha le daoine, agus tacú lena cur i bhfeidhm.
9. Tacú le Fóram Geilleagair Ghlais Dhún na nGall chun Dún na nGall a fhorbairt mar phríomh-réigiún don Gheilleagar Ghlas.

**Leanúint de bheith ag cothabháil agus ag forbairt bonneagar fisiciúil, sóisialta, eacnamaíoch, pobail agus cultúrtha an chontae ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun freastal a dhéanamh ar an éileamh reatha agus le fás a chur chun cinn go fadtéarmach.**

Déanfaidh an Chomhairle:

1. Leanúint de bheith ag bainistiú, ag cothabháil agus, nuair is féidir, ag forbairt gréasán inbhuanaithe bóithre agus iompair sa chontae.
2. Leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirt le príomhpháirtithe leasmhara chun ceangail straitéiseacha a fheabhsú agus a fhorbairt chuig príomhcheantracha uirbeacha ar an Oileán.
3. Seirbhísí uisce agus fuíolluisce, ar ardchaighdeán go seasta, a sholáthar agus a chothabháil ar dhóigh ghairmiúil, phleanáilte agus chórasach.
4. Bainistíocht dramhaíola atá éifeachtúil, inbhuanaithe agus comhtháite a chinntiú, agus béim láidir ar dhramhaíl a chosc agus a íoslaghdú.
5. Leanúint de bheith ag obair le réimse príomhpháirtithe leasmhara chun an bonneagar cultúrtha sa chontae a chothabháil agus a fhorbairt.
6. Tacú le pobail áitiúla, agus cur ar a gcumas, saol poiblí lasmuigh d'ardchaighdeán, atá tarraingteach agus sábháilte, a chruthú agus a chothabháil.
7. Leanúint de bheith ag forbairt cumas leathanbhanda agus acmhainní fuinnimh an chontae lena chinntiú go bhfuil Dún na nGall réidh go straitéiseach leis an leas is mó agus is féidir a bhaint as na deiseanna ó na hearnálacha atá ag

teacht chun cinn.

8. Straitéis Mhaoinithe Chorparáideach a fhorbairt chun go mbeifí in ann rochtain a fháil ar dheiseanna maoinithe seachtracha chun dul i ngleic leis na riachtanais bhonneagair sa chontae.

**Le seirbhísí agus tacaíochtaí inrochtana, ardchaighdeáin, éifeachtúla agus dea-luacha a sholáthar dár gcustaiméirí uilig agus dár bpobail uilig.**

Déanfaidh an Chomhairle:

1. Leanúint de bheith ag forbairt an Ionaid Teagmhála Custaiméara agus an chórais um Bainistiú Caidrimh Chustaiméara (BCC) le go mbeadh teacht níos fearr ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí atá á seachadadh ag an Chomhairle, ar dhóigh níos éifeachtúla, níos córasaí agus níos gairmiúla.
2. Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís Chustaiméara a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, Cairt Chustaiméara san áireamh.
3. Oibriú lena chinntiú go bhfuil na seirbhísí agus tacaíochtaí éagsúla atá á dtairiscint againn ar fáil go héasca do dhaoine faoi mhíchumas, agus go bhfuiltear á seachadadh ar dhóigh atá fóirsteanach go cultúrtha le go mbeifí ag freastal ar an réimse éagsúil riachtanas inár bpobail.
4. Rochtain ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí trí Ghaeilge a chinntiú, de réir Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Dhún na nGall 2010 - 2013.
5. Oibriú chun feasacht a spreagadh i dtaca leis na seirbhísí agus na tacaíochtaí a chuirimid ar fáil, agus a bheith ag obair chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar chumarsáid ó thaobh ár gcustaiméirí de, acmhainní ar líne san áireamh, an suíomh idirlín s'againne agus ár suíomhanna meáin shóisialta ach go háirithe.
6. Leanúint de bheith ag obair ar bhonn idirghníomhaireachta lena chinntiú go gcuideoidh na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá á dtairiscint againn, go gcuideoidh siad, ar dhóigh dhearfach, le dul i ngleic leis an bhochtaineacht agus leis an imeallú sóisialta, agus go mbainfear amach torthaí níos dearfaí do gach duine sa phobal s'againne.
7. Ról ceannasach a ghlacadh i dtaca le heolasú, measúnú agus ceadú Cláracha Forbartha Áitiúla agus Pobail i nDún na nGall le go mbeidh comhordú níos fearr idir rialtas áitiúil agus forbairt áitiúil.
8. Leanúint de bheith ag tacú, ag éascú agus ag obair i gcomhpháirt leis an earnáil phobail agus dheonach, ag dul i gcomhairle le daoine aonaracha agus le pobail, agus go háirithe leo siúd is mó atá imeallaithe, chun rannpháirtíocht níos suntasaí agus saoránacht níos gníomhaí a chothú in achan ghné den tsaol i nDún na nGall.
9. Leanúint de bheith ag cur i bhfeidhm An Chreata um Bainistíocht Móréigeandála le go n-ullmhófaí d'éigeandálaí móra a tharlaíonn de dheasca eachtraí ar nós tinte, timpistí iompair, eachtraí substaintí contúirteacha agus fíor-dhrochaimsire, agus lena chinntiú go gcomhordófaí an fhreagairt orthu. Déanfar é seo i gcomhar lenár bPríomh-Chomhghníomhaireachtaí Freagartha - An Garda Síochána agus an FSS.

**Ár n-ealaíona, ár dteangacha, ár n-oidhreacht agus ár gcultúr a chaomhnú, a bhainistiú, agus a chur chun cinn.**

Déanfaidh an Chomhairle:

1. Ceangail Chultúrtha: Plean Straitéiseach na Seirbhísí Cultúrtha, Déanamh Cruthanna: Plean Ealaíne Poiblí agus Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, a chur i bhfeidhm.
2. Eolas, suim agus bród a chothú i dtaca le hoidhreacht an chontae agus lena chultúr.
3. Féidearthachtaí maidir le plean comhtháite d'fhorbairt acmhainní cultúrtha sa chontae a scrúdú i gcomhthéacs an Fhóraim Acmhainní Cultúrtha.
4. Feasacht agus aird an phobail a spreagadh agus a fhorbairt faoi thábhacht agus faoi ábharthacht na Seirbhísí Cultúrtha trí bheith ag cur le rochtaineacht, ag cur le rannpháirtíocht, ag soláthar comhairle agus ag taispeáint an dea-chleachtais is fearr.
5. A chinntiú go gcothabháiltear suíomhanna, foirgnimh agus struchtúir atá faoinár gcúram, agus a bhfuil tábhacht stairiúil leo, go dtí na caighdeáin is airde i gcosaint oidhreachta agus i gcaomhnú oidhreachta.
6. Tacú le healaíontóirí agus le grúpaí ealaíne sa chontae chun saothair úra a chruthú agus a scaipeadh.

**Chun ár mbaill foirne agus ár gcomhairleoirí a spreagadh agus tacú lena bhforbairt phearsanta le go gcuirfí ar a gcumas aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach.**

Déanfaidh an Chomhairle:


1. Nuálaíocht agus cruthaitheacht a chothú i measc ár mball foirne agus ár gcomhaltaí tofa trí chultúr síorfhoghlamtha agus síorfhorbartha a chur chun cinn.
2. Tacú le fórsa oibre ard-oilte agus cumasach a fhorbairt, agus níos mó solúbthachta a spreagadh trí bheith ag cur le deiseanna forbartha agus fostaíochta.
3. Leanúint le sláinte, sábháilteacht agus leas ár mball foirne a chinntiú.
4. Oibriú le comhaltaí tofa le riachtanais oiliúna agus forbartha a aithint agus cláracha cuí a chur i bhfeidhm.
5. Dul i gcomhairle le baill foirne agus le baill tofa chun bealaí a aithint inar féidir na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá á dtairiscint againn a fheabhsú, agus an dóigh is fearr leis an leas is mó agus is féidir a bhaint as deiseanna forbartha.
6. Leanúint de bheith ag tógáil agus ag feabhsú cainéal éifeachtach cumarsáide laistigh den eagraíocht chun comhroinnt eolais, smaointe agus foghlamtha a éascú, agus tacú le cur chuige neartú foirne laistigh den eagraíocht.

## Feidhmíocht a chur i ngníomh agus a mhonatóiriú

Cuireann an plean seo creat straitéiseach ar fáil a threoróidh agus a dhíreoidh obair na Comhairle go ceann roinnt blianta agus beidh sé ina uirlis thábhachtach leis an phróiseas pleanála gnó agus buiséadaithe a eolasú.

Úsáidfear an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) le cur i bhfeidhm an phlean seo a thomhas agus a mhonatóiriú, agus úsáidfear é le gach cuspóir straitéiseach agus na straitéisí tacúla atá leagtha amach sa phlean seo a nascadh le Plean Gnó achan Stiúrthóireachta de chuid na Comhairle, leis an Phlean Foirne do gach Seirbhís, agus leis an Phlean Forbartha Pearsanta do gach ball foirne aonarach. Cuireann an córas seo ar chumas gach ball foirne a fheiceáil go soiléir cad é mar atá a gcuid oibre féin ag cur le mórchuspóirí straitéiseacha na heagraíochta chomh maith le príomh-tháscairí feidhmíochta a aithint chun cur i bhfeidhm an phlean seo a mheas.

Beidh tuairiscí i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh ó bhliain go bliain.



# **Aguisín 1 -** An méid atá bainte amach againn

**2004 – 2006**

- Fosclaíodh Ionad Seirbhísí Pobail ar an Chlochán Liath agus i mBaile Dhún na nGall
- Críochnaíodh Líonra Achar Cathrach (LAC) Leitir Ceanainn
- Fosclaíodh Seachbhóthar Bhun Dobhráin/Bhéal Átha Seanaidh (N15)
- Seoladh Plean 5 Bliana i dtaca le Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne
- Reáchtáladh Fleadh Cheoil na hÉireann i Leitir Ceanainn in 2005 & 2006
- Entente Florale bronnta ar na Gleannta in 2005
- Scannánú déanta ar 'Dead Long Enough' i nDún na nGall
- Fosclaíodh Bóthar Pháirc Ghnó Leitir Ceanainn
- Barr Feabhais i Rialtas Áitiúil bronnta ag Comhlachas Tráchtála na hÉireann as an togra Farantóireacht an Fheabhail / Síobadh an Atlantaigh
- Fosclaíodh Ionad Forochtana Seirbhísí Pobail Bhéal Átha Seanaidh
- Gradam do Nuálaíocht trí Theicneolaíocht as an Ríomh-Phlean in 2005
- Gradam Uile-Oileánda 'Mórtas Ceantair' de chuid Chomhoibriú Éireann buaite ag Taobh Tíre
- Cuireadh chuig an Oifigeach Oidhreachta labhairt mar aoichainteoir ar an ailtireacht dhúchasach mar chuid de shraith léachtanna dar teideal Dearcthaí Éireannacha ag an Institiúid Chultúrtha Ghael-Mheiriceánach sna Stáit Aontaithe.
- Saoirse an Chontae bronnta ar Baba agus Leo Ó Braonáin in 2005
- An chéad taispeántas taistil seolta ag an Iarsmalann, 'Sula ndeachaigh mé isteach san Arm: Dún na nGall, Éire agus an Chéad Chogadh Domhanda', agus a rinne camchuairt ar áiteanna éagsúla ar fud na hÉireann ina dhiaidh sin.
- Saoirse an Chontae bronnta ar Baba agus Leo Ó Braonáin in 2006
- Droichead Eas Aodha Ruaidh ina bhuaiteoir ginearálta ag Gradaim Chumann Coincréite na hÉireann in 2006

**2007 – 2009**

- Comóradh 400 céad bliain ó Imeacht na nIarlaí le clár imeachtaí bliana.
- Saoirse an Chontae bronnta ar Packie Bonner in 2007
- Suiteáladh Líonraí Achar Cathrach (LACanna) ardluais snáthoptaice i mBaile Dhún na nGall, Bealach Féich/Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Bun Cranncha, Bun Dobhráin agus Carn Domhnach
- Bunaíodh Aonad Cuimsithe Sóisialta speisialaithe
- Seoladh an Tionscadal chun Cladach an Chlocháin Léith a Athnuachan
- Fosclaíodh Stáisiún Dóiteáin úr den déanamh is nua-aimseartha ar an Chlochán Liath
- An Chomhairle cheannasach i dTionscnamh Bainistíochta Abhantraí Thuaidh Theas
- An chéad Liosta Speicis Bhithéagsúlachta do Chontae Dhún na nGall
- Seoladh bileoga eolais ar Bhailte Oidhreachta i nDún na nGall, d'Ard an Rátha, Béal Átha Seanaidh, Bun an Phobail, Ráth Mealtain & Ráth Bhoth
- An chéad Phlean Oidhreachta do Chontae Dhún na nGall glactha ag Comhairle Contae Dhún na nGall
- Fosclaíodh Droichead na Maoile Rua
- Reáchtáladh an chéad Ródseó ar Shábháilteacht Bhóthair i Leitir Ceanainn
- Saoirse an Chontae bronnta ar Phil Coulter
- Saoirse an Chontae bronnta ar an 24ú Cathlán Coisithe
- Gradam Barr Feabhais i Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas Tráchtala na hÉireann bronnta orainn de bharr Limistéar Oideachais Coillearnaí Leibhéal na hInse agus Siúlóidí Caithimh Aimsire i gCroithlí
- Fosclaíodh Ionad Cultúrtha Réigiúnach den déanamh is nua-aimseartha
- Fosclaíodh Faiche an Aonaigh agus Páirc an Mheala, Scéim Feabhsúcháin Timpeallachta Bhéal Átha Seanaidh
- Fosclaíodh Scéim Cóireála Uisce Ghrúpa A BDO Dhún na nGall
- Eagraíodh Oireachtas na Gaeilge i Leitir Ceanainn arís
- Leacht Eisimirce Bhun an Phobail nochta
- Mórthaispeántas Cartlainne seolta dar teideal 'An Saol inné sa tSaol inniu'
- Fosclaíodh Stáisiúin Dóiteáin shaincheaptha i mBun an Phobail, Srath an Urláir agus Gaoth Dobhair
- Fosclaíodh Ceannáras Cosanta Sibhialta den

# Aguisín 1 - An méid atá bainte amach againn

déanamh is nua-aimseartha i Srath an Urláir
- Foscailt na nIonad Taitneamhachta Pobail i Leitir Ceanainn, Baile na nGallóglach, An Clochán Liath agus Carn Domhnach
- Fuarthas €4.7 milliún faoi Thosaíocht 1.2 de Chlár SÍOCHÁIN III 2007 - 2013
- Togra Dhiaspóra Dhún na nGall seolta agus an chéad eagrán den ríomhiris Pobail i dTeagmháil foilsithe
- Foscailt na mionpháirceanna i mBéal Átha Seanaidh, Carn Domhnach agus An Baile Nua
- D'éirigh le hOifig Scannán Dhún na nGall 'A Shine of Rainbows', 'The Wake Wood' agus 'Grabbers' a fháil.
- Seoladh an tionscadal ealaíne poiblí 'Oatfield - An Stuif Milis' chun comóradh a dhéanamh ar 80 bliain de mhonarcha Oatfield i nDún na nGall
- Gradam Barr Feabhais i Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann bronnta orainn de bharr an togra 'Ag Coinneáil Sábháilte agus Te le linn an Gheimhridh seo'.

**2010 – 2012**
- Fuarthas Bratacha Gorma fá choinne 13 thrá i nDún na nGall
- Córas Comhtháite Acmhainní Daonna i leith Párolla & Aoisliúntais curtha i bhfeidhm go héifeachtach ar bhonn trialach
- Thacaigh le bunú an Ionaid Athnuachana Oiliúna in ITLC
- Buaiteoir Ghradam Chumann Bainistíochta na nÚdarás Áitiúil 2012 de bharr Sábháilteacht ar Bhóithre
- €1m faighte le haghaidh Thogra Athmhuintearais Cois Abhann an tSratha Báin agus Leifir
- Fuarthas €4.7 milliún sa bhreis faoi Thosaíocht 1.2 de Chlár SÍOCHÁIN III 2007 - 2013
- Togra 'An Tearmann' Phaiteagó agus Thulaigh Uí Thiomáin seolta
- Ceiliúradh déanta ar 21 Bliain d'Ealaín Phoiblí i nDún na nGall trí shuíomh idirlín úr a sheoladh www.donegalpublicart.ie
- An-rath ar Shlógadh Dhún na nGall 2012 don Chontae
- Seoladh Scéim Athnuachana Uirbí na gCealla Beaga
- Togra Dhiaspóra Dhún na nGall, agus suíomh idirlín i dtaca leis, seolta i dTuaisceart Mheiriceá
- Taispeántas Oidhreachta Muirí seolta i gcomhar le hIonad Déanta Cairpéid & Iascaireachta na gCealla Beaga
- Leabhrán ar Oidhreacht Feirmeoireachta Dhún na nGall seolta ag an Dr. Jonathan Bell & Mervyn Watson
- Scoil Samhraidh ar Scileanna Tógála Traidisiúnta amuigh ar Ghabhla i gcomhar le Cumann Oidhreachta Ailtireachta Uladh.
- Ócáid Droichid Órga eagraithe i mBostún chun naisc leis an Iarthuaisceart a neartú
- Seoladh Straitéis Forbartha Shóisialta, Chultúrtha agus Eacnamaíochta 2012-2014
- Saoirse an Chontae bronnta ar Daniel O'Donnell
- Óstáladh comhdháil idirnáisiúnta ar Dheiseanna sa Gheilleagar Ghlas
- Comhchoiste Póilíneachta bunaithe i nDún na nGall
- Breis agus 1,000 teaghlach i ndiaidh an Scéim Pobail um Aláraim Dóiteáin a úsáid
- Fosclaíodh Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair, leabharlann den déanamh is nua-aimseartha
- Fógraíodh €12m le haghaidh Pháirc Eolaíochta an Iarthuaiscirt, agus síneadh leis an Co-Lab in ITLC san áireamh
- Branda Uiscí Mhálanna seolta le háiseanna mara Dhún na nGall a chur chun cinn le díriú ar nideog mhargaidh
- €4.5m faighte le Sliabh Liag a fhorbairt mar tháirge turasóireachta den chéad scoth
- Mí Éagsúlachta Dhún na nGall eagraithe leis an éagsúlacht i nDún na nGall a cheiliúradh, agus le fáiltiú roimpi.
- Lán-Chreidiúnú bainte amach ag Iarsmalann an Chontae faoin Chlár um Chaighdeáin Iarsmalann d'Éireann de chuid na Comhairle Oidhreachta.
- Togra An Dóigh a gCuimhnímid seolta ag na Seirbhísí Cultúrtha agus ag an 28ú Cathlán Coisithe de chuid Óglaigh na hÉireann, a raibh na rudaí seo a leanas mar chuid de; coimisiún ealaíne poiblí, mórthaispeántas Iarsmalainne agus clár oideachais scoile.

# **Aguisín 2 -** Ballraíocht an Ghrúpa Bheartais Chorparáidigh agus na gCoistí Beartais Straitéisigh

## An Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC)

Is iad na baill atá ar an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh ná An Méara, a dhéanann cathaoirleacht ar an ghrúpa, chomh maith le Cathaoirligh achan cheann de na Coistí Beartais Straitéisigh, agus an Bainisteoir Contae ag tacú leo.

**Méara ag an am**
An Clr. Proinsias Óg Mac Briartaigh 2012-2013

**Cathaoirligh na gCoistí Beartais Straitéisigh uilig**
An Clr. Ciarán Ó Brógáin
An Clr. Deasún Ó Lorcáin
An Clr. Cora Uí Airmhí
An Clr. Máirtín Ó hEaraile
An Clr. Seán Mac Cathmhaoil

## Coistí Beartais Straitéisigh (CBS)

### Tithíocht & Corparáideach

**Cathaoirleach:**
An Clr. Deasún Ó Lorcáin

**Comhairleoirí:**
An Clr. Ríonach Mhic Dhonnchaidh
An Clr. Liam Ó Bléine
An Clr. Nollaig Mac Giolla Bhríde
An Clr. Seán Ó Baoill
An Clr. Mícheál Mac Giolla Bhríde
An Clr. Jeaic Ó Muirí

**Comhairle Baile:**
An Clr. Mary Kelly (Bun Cranncha)

**Earnálach / Colúin Shóisialta:**
Bn. Uas. Anne Wilkinson, Ceardchumann
An tUas. John Gildea, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
Bn. Uas. Paula Leonard, Fóram Pobail
Folúntas, Earnáil na Feirmeoireachta

### Bóithre & Iompar

**Cathaoirleach:**
An Clr. Cora Uí Airmhí

**Comhairleoirí:**
An Clr. Liam Ó Bléine
An Clr. Seán Mac Connuibh
An Clr. Máirtín Ó hEaraile
An Clr. Mícheál Ó Dochartaigh
An Clr. Pádraig Ó Dochartaigh
An Clr. Máirtín Ó Fearáin

**Comhairle Baile:**
An Clr. Gearóid Mac Maonghail (Leitir Ceanainn)

**Earnálach / Colúin Shóisialta:**
An tUas. Brian Sweeney, Tráchtáil
An tUas. William McMonagle, Feirmeoireacht
An tUas. Lawerence McManus, Fóram Pobail
An tUas. Stephen McCahill, Iascaireacht/Uisce agus Geilleagar Glas

### Pleanáil & Forbairt Eacnamaíochta

**Cathaoirleach:**
An Clr. Ciarán Ó Brógáin

**Comhairleoirí:**
An Clr. Daithí Alcorn
An Clr. Bréanainn Ó Beirne
An Clr. Pól Ó Cainin
An Clr. Bearnard Mag Aonghusa
An Clr. Seán Ó Riain
An Clr. Seán Ó Baoill
An Clr. Toirealach Ó Sluaigh

An Clr. Ian Mac Gairbheith
An Clr. Séamus Ó Domhnaill
An Clr. Mícheál Mac Giolla Bhríde
An Clr. Máire Treasa Ní Ghallchóir
An Clr. Proinsias Mac Briartaigh Óg

**Comhairle Baile:**
An Clr. Eamonn Barrett (Bun Dobhráin)

**Earnálach / Colún Sóisialta:**
An tUas. Eamonn Stevenson, Tráchtáil
An tUas. Barry McMenamin, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
An tUas. Séamus Mac Ruairi, Ceardchumann Folúntas, Feirmeoireacht
An tUas. James Trearty, Fóram Pobail
An tUas. Eoin Doyle, Iascaireacht/Uisce
Bn. Uas. Louise McGee, Caomhnú

## Uisce, Timpeallacht & Seirbhísí Éigeandála

**Cathaoirleach:**
An Clr. Máirtín Ó hEaraile (Cathaoirleach)

**Comhairleoirí:**
An Clr. Ciarán Ó Brógáin
An Clr. Pádraig Mac Gabhann
An Clr. Ríonach Mhic Dhonnchaidh
An Clr. Séamus Ó Domhnaill
An Clr. Proinsias Mac Briartaigh Óg
An Clr. Mícheál Ó Coinn

**Comhairle Baile:**
Folúntas

**Earnálach / Colún Sóisialta:**
An tUas. Michael Boyd, Tráchtáil
An tUas. Pat Kelly / Harry Wallace, Feirmeoireacht
Bn. Uas. Michelle Hay, Timpeallacht
An tUas. Brian Brogan, CTF

## Pobal, Cultúr agus Fiontraíocht

**Cathaoirleach:**
An Clr. Seán Mac Cathmhaoil

**Comhairleoirí:**
An Clr. Gearóid Ó Crábhagáin
An Clr. Deasún Ó Lorcáin
An Clr. Pól Ó Cainin
An Clr. Bearnard Mag Aonghusa
An Clr. Barra Ó Néill
An Clr. Máire Treasa Ní Ghallchóir

**Comhairle Baile:**
An Clr. Eugene Dolan (Béal Átha Seanaidh)

**Earnálach / Colún Sóisialta:**
An tUas. Paul McGee, Ceardchumann
An tUas. Michael MacAoidh, Cultúrtha
Bn. Uas. Florence McGee, Fóram Pobail
An tUas. Mickey Mullen, Fóram Pobail